Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 12 Bealtaine 2023
(OR. en)

9222/23

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0106(BUD)**

FIN 522
SOC 308

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|---|---|
| ó: | An Coiste um an mBuiséad |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 8490/23 (COM(2023) 202 final) |
| Ábhar: | Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le slógadh an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (EGF/2023/000 TA 2023 - Cúnamh teicniúil ar thionscnamh ón gCoimisiún) – *Formheas* |

1. An 20 Aibreán 2023, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (CED) a shlógadh, maille leis an togra comhfhreagrach maidir le haistriú leithreasuithe Uimh. DEC 06/2023[1] ag gabháil leis.

2. Tá sé mar aidhm leis an togra EUR 190 000, ar fad, a shlógadh ar thionscnamh ón gCoimisiún chun cúnamh teicniúil a bhaineann le CED a chumhdach, i gcomhréir le hAirteagal 11 de Rialachán CED an 28 Aibreán 2021[2]. Is é is cuspóir don togra an ranníocaíocht EUR 190 000 a úsáid le haghaidh caiteachas riaracháin agus teicniúil.

[1] 8489/23.
[2] Rialachán (AE) 2021/691 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013 (IO L 153, 3.5.2021, lch. 48).

3. Scrúdaigh an Coiste um an mBuiséad an togra ag an gcruinniú a bhí aige an 11 Bealtaine 2023 agus bhí sé in ann é a fhormheas.

4. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle téacs an Chinnidh maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú a shlógadh, mar a leagtar amach in 9223/23 é, a fhormheas.